Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021
(OR. en)

5448/21
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0273(COD)**

CODEC 69
COMER 5
WTO 12

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>= Dearbhuithe comhpháirteacha |

**Dearbhú Comhpháirteach ón gCoimisiún, ón gComhairle agus ón bParlaimint maidir le hionstraim chun díspreagadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhéigneacha a dhéanfadh tríú tíortha agus chun gníomhú in aghaidh na mbeart sin**

Tugann an Coimisiún dá aire na hábhair imní atá ag an bParlaimint agus ag na Ballstáit maidir le cleachtais tríú tíortha áirithe chun féachaint leis an Aontas Eorpach agus/nó a Bhallstáit a chomhéigniú chun bearta beartais áirithe a ghlacadh nó a tharraingt siar. Tá an Coimisiún ag teacht leis an tuairim gur ábhar mór imní iad cleachtaí den sórt sin. Dearbhaíonn an Coimisiún go bhfuil sé beartaithe aige tuilleadh scrúdú a dhéanamh ar ionstraim fhéideartha, ionstraim a d'fhéadfaí a ghlacadh chun gníomhaíocht den sórt sin a dhíspreagadh nó a fhritháireamh, ionstraim a chuirfí i ngníomh le gníomhaíochtaí den sórt sin agus lena gceadófaí frithbhearta a ghlacadh go tapa. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún leanúint dá mheastóireacht agus ar bhonn na meastóireachta sin, agus na himthosca ábhartha ar fad a chur san áireamh, togra reachtach a ghlacadh lena bhforáiltear do shásra lena gceadaítear bearta den sórt sin a dhíspreagadh nó a fhritháireamh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta. Mar a fógraíodh i Litir Intinne Uachtarán an Choimisiúin chuig Uachtarán na Parlaiminte agus Uachtarán-in-Oifig na Comhairle an 16 Meán Fómhair 2020, glacfaidh an Coimisiún an togra in aon chás tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2021, nó níos túisce ná sin i gcás inar gá leis, mar thoradh ar ghníomh comhéigneach a rinne tríú tír.

Tugann an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa dá n-aire go bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún togra a chur isteach le haghaidh ionstraime chun bearta comhéigneacha a dhéanann tríú tíortha a dhíspreagadh agus gníomhú in aghaidh na mbeart sin. Tá an dá institiúid tiomanta a ról institiúideach mar chomhreachtóirí a chomhlíonadh agus an togra a bhreithniú go tráthúil, agus oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí EDT a chur san áireamh mar aon le forbairtí ábhartha i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta.

**Dearbhú ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Tá an tAontas fós tiomanta do chur chuige iltaobhach i leith shocrú na ndíospóidí idirnáisiúnta, trádáil atá bunaithe ar rialacha, agus comhar idirnáisiúnta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Comhoibreoidh an tAontas i ngach iarracht arb é is aidhm dó athchóiriú a dhéanamh ar chóras EDT um Réiteach Díospóidí lena bhféadfar feidhmiú éifeachtach Chomhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála a áirithiú.